2025/2059

24.10.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2059 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Meán Fómhair 2025

maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le conarthaí arna ndámhachtain le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí poist áirithe agus seirbhísí eile seachas seirbhísí poist a sholáthar san Eastóin

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 6542)

(Is é an téacs Eastóinise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE, ([1]) agus go háirithe Airteagal 35(3) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Chonarthaí Poiblí,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. FÍORAIS

(1) An 1 Aibreán 2025, chuir Poblacht na hEastóine, arbh í an Aireacht Airgeadais ab ionadaí di, iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 35(1) de Threoir 2014/25/AE ('an iarraidh') thar ceann AS Eesti Post ('Eesti Post' nó 'an t-iarratasóir'), arb é an gnóthas é a dhéanann na gníomhaíochtaí a chumhdaítear san iarraidh. Mar a cheanglaítear le hAirteagal 1(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1804 ón gCoimisiún, ([2]) tá an fhaisnéis a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin san iarraidh.

(2) Is soláthraí seirbhíse poist san Eastóin agus eintiteas conarthach é an t-iarratasóir de réir bhrí Airteagal 4(2) de Threoir 2014/25/AE. Is é Eesti Post an t-aon soláthraí seirbhísí uilíocha san Eastóin ([3]). Baineann an iarraidh le gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí poist áirithe chomh maith le seirbhísí eile seachas seirbhísí poist, dá dtagraítear in Airteagal 13(1), pointí (a) agus (b) agus in Airteagal 13(2), pointí (b) agus (c) de Threoir 2014/25/AE, seirbhísí a sholáthraíonn an t-iarratasóir i gcríoch na hEastóine. Is iad seo a leanas na seirbhísí lena mbaineann, mar a thugtar tuairisc orthu san iarraidh:

(a) seirbhísí beartseachadta intíre (seirbhísí caighdeánacha agus seirbhísí mearbheartseachadta);

(b) seirbhísí beartseachadta idirnáisiúnta (seirbhísí caighdeánacha agus seirbhísí mearbheartseachadta) (isteach, amach);

(c) seirbhísí priontála agus pacáistithe;

(d) seirbhísí lóistíochta tríú páirtí agus ceathrú páirtí (gnó idirnáisiúnta).

([1]) IO L 94, 28.3.2014, lch. 243, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/25/oj .

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1804 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir leis na rialacha mionsonraithe i dtaca le cur i bhfeidhm Airteagail 34 agus 35 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (IO L 275, 12.10.2016, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2016/1804/oj).

([3]) Is éard atá sa tseirbhís poist uilíoch san Eastóin na seirbhísí poist intíre agus idirnáisiúnta seo a leanas: míreanna comhfhreagrais litreach a bhfuil suas le 2 kg meáchain iontu a chur ar aghaidh mar mhíreanna poist tráthrialta, cláraithe agus árachaithe; beartáin phoist a bhfuil suas le 20 kg meáchain iontu a chur ar aghaidh mar mhíreanna poist cláraithe agus árachaithe (féach UPT tüüptingimuse _alates 1.5.2020). Tagann na táirgí sin faoin iarraidh ar na seirbhísí beartán intíre agus idirnáisiúnta araon a sheachadtar trí líonra an Aontais Poist Uilechoitinn. Féach ríomhphoist an iarratasóra dar dáta an 3 agus an 8 Meán Fómhair 2025.

(3) Maidir leis an gcatagóir 'seirbhísí beartseachadta idirnáisiúnta (seirbhísí caighdeánacha agus seirbhísí mearbheartseachadta) (isteach, amach)', tar éis malartuithe éagsúla leis an gCoimisiún, chuir an t-iarratasóir in iúl, tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar an gcatagóir, nár mhian leis seirbhísí mearbheartseachadta idirnáisiúnta a áireamh i raon feidhme na hiarrata a thuilleadh ([4]). Dá bhrí sin, i ndáil leis an gcatagóir seirbhísí sin, baineann an Cinneadh sin le seirbhísí caighdeánacha beartseachadta idirnáisiúnta amháin (féach aithris 22 agus Roinn 3.2.1.3).

(4) Maidir leis an gcatagóir 'seirbhísí (caighdeánacha) beartseachadta idirnáisiúnta', áitíonn an t-iarratasóir go n-áirítear sa chatagóir sin seachadadh oll-litreacha ina bhfuil ábhar míre suas le 2 kg a thagann faoi raon feidhme na seirbhísí poist uilíocha arna soláthar ag Eesti Post, ós rud é gur féidir na holl-litreacha sin a chomhshamhlú *de facto* le 'beartáin an-bheag' ([5]) a sheachadtar go hidirnáisiúnta ([6]). Aontaíonn an Coimisiún le tuairim an iarratasóra gur cheart oll-litreacha agus beartáin an-bheag a bheith mar chuid den mhargadh céanna; mar sin féin, ba cheart iad a bheith éagsúil ó sheirbhísí caighdeánacha beartseachadta idirnáisiúnta (féach Roinn 3.2.1.4).

(5) Maidir leis an gcatagóir 'seirbhísí lóistíochta tríú páirtí agus ceathrú páirtí (gnó idirnáisiúnta)', tar éis malartuithe éagsúla leis an gCoimisiún, d'aithin an t-iarratasóir nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí arna ndámhachtain chun seirbhísí lóistíochta tríú páirtí agus ceathrú páirtí a shaothrú, agus d'aontaigh sé gur cheart raon feidhme na díolúine a laghdú tríd an gcatagóir sin a bhaint de raon feidhme na hiarrata ([7]). Dá bhrí sin, ní bhaineann an Cinneadh seo leis an gcatagóir sin.

(6) Ní raibh seasamh a bhfuil réasúnú agus bunús leis arna ghlacadh ag údarás náisiúnta neamhspleách atá inniúil maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann ag gabháil leis an iarraidh. Dhéanfadh údarás den sórt sin mionanailís ar an gcoinníoll i dtaca le hinfheidhmeacht Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann, i gcomhréir le míreanna 2 agus mír 3 den Airteagal sin. I gcomhréir le pointe 1(a) agus pointe 1, an dara fomhír, d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2014/25/AE, ós rud é go nglactar leis sa chás seo go bhfuil saor-rochtain ar na margaí ar bhonn Airteagal 34(3), an chéad fhomhír, den Treoir sin, agus ar an mbonn nach ann do sheasamh ó údaráis náisiúnta neamhspleách a bhfuil réasúnú agus bunús cuí leis, tá an Coimisiún le Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghlacadh maidir leis an iarraidh laistigh de 105 lá oibre.

(7) I gcomhréir leis an tríú fomhír de phointe 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2014/25/AE, tá an sprioc-am chun na gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh le tosú ar an gcéad lá oibre tar éis an dáta a fhaigheann an Coimisiún an iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 35(1) den Treoir sin nó, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis atá le soláthar leis an iarraidh neamhiomlán, ar an lá oibre tar éis an fhaisnéis iomlán a fháil. Dá bhrí sin, chuaigh an sprioc-am tosaigh in éag an 8 Meán Fómhair 2025 ([8]). Mar sin féin, ós rud é gur ghá don Choimisiún tuilleadh faisnéise a fháil agus a scrúdú, cuireadh síneadh leis an sprioc-am, le comhaontú an iarratasóra, go dtí an 30 Meán Fómhair 2025 ([9]).

(8) Tar éis iarrataí ar shoiléiriú a sheol an Coimisiún trí ríomhphost an 9, 14, 22, 24, 28 agus 30 Aibreán 2025; an 5, 8 agus 27 Bealtaine 2025; an 3, 5, 10, 12, 16, 19 agus 24 Meitheamh 2025; an 1 agus 7 Iúil 2025, chuir an t-iarratasóir a fhreagraí agus faisnéis bhreise isteach trí ríomhphost an 11, 16, 17, 25 agus 30 Aibreán 2025; an 7 agus 15 Bealtaine 2025; an 2, 6, 10, 12, 16, 18, 19, 26, 27 agus 30 Meitheamh 2025; an 3 agus an 9 Iúil 2025; an 29 Lúnasa 2025, an 3, an 4, an 5 agus an 8 Meán Fómhair 2025.

([4]) Ríomhphost an iarratasóra dar dáta an 16 Aibreán 2025.

([5]) I gcomhréir le coinbhinsiúin an Aontais Phoist Uilechoitinn (féach guidePostalTransportEn.pdf), bíonn meáchan idir 0 agus 20 Kg (30 Kg go roghnach) i mbeartáin, agus bíonn meáchan idir 0 agus 2 Kg i bpaicéid bheaga. Is catagóir de bheartáin a bhfuil meáchan beag iontu iad beartáin an-bheag. Chun críoch an Chinnidh seo, áirítear leis an gcatagóir 'beartáin an-bheag' beartáin a bhfuil suas le 2 Kg meáchain iontu agus ina bhfuil earraí. Chun tuairisc na dtáirgí sin a fháil, féach suíomhanna gréasáin na n-oibreoirí faoi seach: UPT tüptingimuse _alates 1.5.2020; Calculator - DPD and Parcel prices | Estonia and Europe | SmartPosti.

([6]) Ríomhphost an iarratasóra dar dáta an 29 Lúnasa 2025.

([7]) Ríomhphost an iarratasóra dar dáta an 16 Meitheamh 2025.

([8]) Fógra faoi iarraidh maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE — iarraidh arna déanamh ag Poblacht na hEastóine (IO C, C/2025/2295, 15.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2295/oj).

([9]) Fógra faoi iarraidh maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE — Síneadh ar an tréimhse chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh (IO C, C/2025/5047, 15.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5047/oj).

2. **CREAT DLÍTHIÚIL**

(9) Tá feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí a dhámhachtain chun gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí poist agus seirbhísí eile a shaothrú ar choinníoll go soláthraíonn eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí poist freisin de réir bhrí Threoir 2014/25/AE na seirbhísí eile sin, seachas má tá an ghníomhaíocht díolmhaithe de bhun Airteagal 34 den Treoir sin.

(10) De bhun Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE, conarthaí atá beartaithe chun gur féidir gníomhaíocht a dhéanamh a bhfuil feidhm ag an Treoir sin maidir léi, níl na conarthaí sin le bheith faoi réir na Treorach sin más rud é, sa Bhallstát ina ndéantar an ghníomhaíocht sin, go bhfuil sí neamhchosanta go díreach ar iomaíocht ar mhargaí nach bhfuil rochtain orthu srianta.

3. **MEASÚNÚ**

(11) Tá an Cinneadh seo bunaithe ar an staid dhlíthiúil agus fhíorasach ó mhí Mheán Fómhair 2025 ar aghaidh agus ar an bhfaisnéis a chuir an t-iarratasóir isteach agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil go poiblí. Is féidir go ndéanfar athbhreithniú air má fhágann athruithe móra ar an staid dhlíthiúil nó fhíorasach nach mbeidh coinníollacha infheidhmeachta Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE á gcomhlíonadh a thuilleadh.

3.1. **Rochtain neamhshrianta ar an margadh**

(12) Meastar go bhfuil rochtain ar mhargadh neamhshrianta má rinne an Ballstát lena mbaineann na gníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais lena n-osclaítear earnáil áirithe nó cuid di ar iomaíocht, má rinne sé na gníomhartha sin a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm. Liostaítear na gníomhartha dlí sin in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2014/25/AE, lena n-áirítear, a mhéid a bhaineann le seirbhísí poist, Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]).

(13) Mar a thug an t-iarratasóir le fios, ([11]) rinne an Eastóin Treoir 97/67/CE a thrasuí ([12]) agus a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, meastar rochtain ar an margadh ábhartha a bheith neamhshrianta i gcomhréir le hAirteagal 34(3) de Threoir 2014/25/AE.

3.2. **Neamhchosaint dhíreach ar iomaíocht**

(14) Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar neamhchosaint dhíreach ar iomaíocht ar bhonn critéir éagsúla, nach bhfuil aon cheann díobh cinntitheach, *per se*. I ndáil leis na gníomhaíochtaí ábhartha lena mbaineann an Cinneadh seo, is é atá i sciar na bpríomhghníomhaithe den mhargadh ar mhargadh ar leith critéar amháin ba cheart a chur san áireamh. Ós rud é go bhfuil na coinníollacha éagsúil le haghaidh na ngníomhaíochtaí éagsúla lena mbaineann an iarraidh, ba cheart a chur san áireamh sa scrúdú ar an staid iomaíoch na staideanna éagsúla sna margaí ábhartha.

(15) Tá an measúnú sin teoranta, áfach, de bharr na spriocdhátaí gearra is infheidhme agus de bharr an ghá atá ann brath ar an bhfaisnéis atá ar fáil don Choimisiún. Eascraíonn an fhaisnéis sin as foinsí atá ar fáil cheana nó as an bhfaisnéis a fuarthas i gcomhthéacs na hiarrata agus ní féidir an fhaisnéis sin a fhorlíonadh le modhanna a ídíonn níos mó ama, lena n-áirítear, go háirithe, fiosrúcháin phoiblí atá dírithe ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann. An measúnú maidir le neamhchosaint dhíreach ar iomaíocht a dhéantar i gcomhthéacs Threoir 2014/25/AE, is rud é atá gan dochar dá bhrí sin do chur i bhfeidhm iomlán dhlí na hiomaíochta.

([10]) Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir le comhrialacha chun margadh inmheánach seirbhísí poist Comhphobail a fhorbairt agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú (IO L 15, 21.1.1998, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1997/67/oj).

([11]) Iarraidh, pointe 72. Féach freisin ríomhphost an iarratasóra an 3 Meán Fómhair 2025.

([12]) Dheimhnigh an t-iarratasóir go ndearnadh Treoir 97/67/CE a thrasuí ar dtús i reachtaíocht náisiúnta na hEastóine trí Acht Poist (*Postiseadus*) 2006 (tag. RT I 2006, 18, 142) a ionadaíodh le hAcht Poist 2008 ina dhiaidh sin (Tag. RT I 2008, 53, 297).

(16) Tá an Cinneadh seo gan dochar do chur i bhfeidhm na rialacha maidir le hiomaíocht agus do réimsí eile de dhlí an Aontais. Go sonrach, na critéir agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an neamhchosaint dhíreach don iomaíocht faoi Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, ní gá gurb ionann iad agus na critéir agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh faoi Airteagail 101 nó 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nó faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle, ([13]) mar a dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta in *Österreichische Post AG v. An Coimisiún* ([14]).

(17) Is é is aidhm don Chinneadh seo a shuíomh an bhfuil na gníomhaíochtaí lena mbaineann an iarraidh neamhchosanta ar leibhéal iomaíochta den chineál sin (i margaí nach bhfuil rochtain orthu srianta de réir bhrí Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE) lena n-áiritheofar, in éagmais an smachta atá mar thoradh ar na rialacha mionsonraithe soláthair a leagtar amach i dTreoir 2014/25/AE freisin, go ndéanfar soláthar do shaothrú na ngníomhaíochtaí lena mbaineann ar bhealach trédhearcach neamh-idirdhealaitheach bunaithe ar chritéir a fhágann gur féidir le ceannaitheoirí an réiteach is buntáistí, go heacnamaíoch, ar an iomlán, a shainaithint.

3.2.1. *Seirbhísí poist (seirbhísí beartán intíre agus seirbhísí caighdeánacha beartán idirnáisiúnta)*

3.2.1.1. Sainiú margaidh

3.2.1.1.1. Sainiú margaidh táirgí

(18) Rinne an Coimisiún idirdhealú i gcinntí roimhe seo ([15]) idir seirbhísí beartseachadta intíre agus seirbhísí beartseachadta idirnáisiúnta. Mheas an Coimisiún gur cuideachtaí a oibríonn líonraí dáileacháin náisiúnta a sholáthraíonn seirbhísí beartseachadta intíre, ach is éard atá i gceist le beartseachadadh idirnáisiúnta bailiú beartáin atá le hiompar agus le seachadadh thar lear agus is iad cuideachtaí a bhfuil rochtain acu ar líonraí sna tíortha cinn scríbe a sholáthraíonn an tseirbhís sin. Tá seasamh an iarratasóra i gcomhréir le cleachtas an Choimisiúin. Go sonrach, áitíonn an t-iarratasóir go n-úsáideann seirbhísí caighdeánacha beartán intíre agus idirnáisiúnta araon san Eastóin an bonneagar náisiúnta céanna - líonraí meaisín beartán den chuid is mó. Tagraíonn na líonraí deiridh sin do chórais chomhtháite na bpointí bailithe agus seachadta beartán uathoibrithe atá lonnaithe ar fud na hEastóine agus nach cuid den líonra arna sholáthar ag Eesti Post iad tríd an oibleagáid seirbhíse poist uilechoitinne ([16]). Ciallaíonn sé sin go bhféadfaidh na beartáin (lena n-áirítear beartáin an-bheag) dul isteach tríd an líonra oifigí poist agus go bhféadfar iad a sheachadadh ansin trí líonra meaisín beartán san Eastóin (ar choinníoll go gceadaíonn tír thionscnaimh an bheartáin é sin) ([17]). Go deimhin, murab ionann agus seirbhísí beartseachadta intíre, le seirbhísí caighdeánacha beartán idirnáisiúnta, éilítear comhaontuithe breise i measc oibreoirí chun seirbhísí trasteorann a sholáthar ([18]). Cé go n-úsáideann formhór na rannpháirtithe sa mhargadh atá ag feidhmiú san Eastóin a líonraí féin le haghaidh beartán atá teoranta do na tíortha Baltacha, ní mór dóibh rochtain a fháil ar líonraí tríú páirtithe le haghaidh seoltaí idirnáisiúnta ([19]).

([13]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán CE maidir le Cumasc) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/139/oj).

([14]) Breithiúnas an 27 Aibreán 2016, *Österreichische Post AG v. An Coimisiún*, T-463/14, ECLI: EU:T:2016:243, mír 28. Féach freisin Treoir 2014/25/AE, aithris 44.

([15]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3224 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2024 maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le conarthaí arna ndámhachtain le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí poist áirithe agus seirbhísí eile seachas seirbhísí poist a sholáthar sa tSlóvaic (IO L, 2024/3224, 23.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/3224/oj); Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1228 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2023 maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dámhachtain conarthaí le haghaidh na gníomhaíochta a bhaineann le seirbhísí mearbheartseachadta sa Liotuáin (IO L 160, 26.6.2023, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1228/oj), Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/737 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2020 maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le conarthaí arna ndámhachtain le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí poist a sholáthar sa Danmhairg (IO L 172, 3.6.2020, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2020/737/oj); Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1204 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2019 maidir le hinfheidhmeacht Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le conarthaí arna ndámhachtain le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le seirbhísí poist áirithe agus seirbhísí eile seachas seirbhísí poist a sholáthar sa Chróit (IO L 189, 15.7.2019, lch. 75, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/1204/oj). Féach freisin Cás COMP/M.5152 — Posten AB/Post Danmark A/S, 21.4.2009, mír 54.

([16]) Iarraidh, pointí 34-35.

([17]) Iarraidh, pointe 40.

([18]) Iarraidh, pointe 34.

([19]) Iarraidh, pointe 35.

(19) Chinn an Coimisiún freisin i gcinntí roimhe seo ([20]) gur féidir an margadh do sheirbhísí beartseachadta (go hintíre agus go hidirnáisiúnta araon) a dheighilt ina sheirbhísí mearbheartseachadta agus ina sheirbhísí caighdeánacha seachadta (dá ngairtear 'seirbhísí iarchurtha' freisin). Cuirtear san áireamh sa deighilt sin go mbíonn mearsheirbhísí níos tapúla agus níos iontaofa ná seirbhís chaighdeánach, go n-éilíonn gach ceann de na seirbhísí sin bonneagar éagsúil agus go gcuimsítear le mearsheirbhísí gnéithe breise seirbhíse breisluacha, amhail seirbhísí rianaithe agus lorgaireachta, agus go mbíonn siad níos costasaí de ghnáth freisin.

(20) Sa chás seo, cuireann socruithe éagsúla na n-oibreoirí seirbhísí poist san Eastóin scóip nach beag ar fáil maidir le hionadú ar thaobh an tsoláthair idir seirbhísí mearbheartseachadta agus seirbhísí caighdeánacha seachadta ([21]). Úsáideann mearsheirbhísí agus seirbhísí caighdeánacha araon líonraí lóistíochta comhchosúla agus úsáideann gach oibreoir seirbhísí poist an líonra céanna chun meartháirgí agus táirgí iarchurtha araon a loingsiú. I ndáil leis an méid sin, tá príomhchéimeanna uile an tslabhra seachadta amhail bailiú agus seachadadh, iompar, sórtáil, an rampa agus imréiteach custaim mar an gcéanna le haghaidh fhormhór na mearsheirbhísí agus na seirbhísí caighdeánacha ([22]). Ina theannta sin, cuireann na príomhoibreoirí margaidh seachadadh neamhráthaithe ar fáil dá gcustaiméirí laistigh den tseirbhís seachadta lá arna mhárach le haghaidh mearsheirbhísí agus seirbhísí caighdeánacha araon ([23]).

(21) Ó thaobh an éilimh de, cuireann an t-iarratasóir i dtábhacht an tóir atá ar mheaisíní bailithe beartán atá lonnaithe i lárionaid daonra éagsúla gar do shuíomhanna tráchtála ar fud na hEastóine nó laistigh díobh (agus sna tíortha Baltacha eile), ós rud é go gceadaítear leo seachadadh neamhtheagmhála agus solúbthacht maidir le cathain a thagann an beartán chuig an gcustaiméir ([24]). Ina theannta sin, tairgtear gnéithe breise seirbhíse breisluacha atá ar fáil do thomhaltóirí, amhail seirbhísí rianaithe agus lorgaireachta, beagnach sa chaoi chéanna ina dtairgtear seirbhísí caighdeánacha beartseachadta agus seirbhísí mearbheartseachadta ([25]).

(22) Dá bhrí sin, ar bhonn na n-eilimintí thuas, a mhéid a bhaineann leis an tseirbhís beartseachadta intíre, tá an t-iarratasóir den tuairim go mbeadh sé míchuí an margadh sin a dheighilt idir mearsheirbhísí agus seirbhísí caighdeánacha, ós rud é go bhfuil scóip nach beag ar fáil maidir le hionadú ar thaobh an éilimh agus ar thaobh an tsoláthair ([26]). Creideann an t-iarratasóir gur cheart margadh aonair a bheith ann le haghaidh seirbhísí mearbheartseachadta intíre agus seirbhísí caighdeánacha beartseachadta intíre. Aontaíonn an Coimisiún leis an tuairim sin agus tagann sé ar an gconclúid, chun críocha an Chinnidh seo, go mbaineann seirbhísí mearbheartseachadta agus seirbhísí caighdeánacha beartseachadta leis an margadh céanna. A mhéid a bhaineann le seirbhísí mearbheartseachadta idirnáisiúnta, creideann an t-iarratasóir go bhfuil na seirbhísí sin oscailte don iomaíocht ([27]); mar sin féin, ós rud é go n-eisiatar na seirbhísí sin ó raon feidhme an iarratais, déanann an Coimisiún a anailís a theorannú do sheirbhísí caighdeánacha beartseachadta idirnáisiúnta (Roinn 3.2.1.3).

(23) D'fhéadfaí deighilt bhreise a bheartú le haghaidh seirbhísí beartseachadta idir beartáin tomhaltóirí agus beartáin ghnó i gcásanna áirithe (i.e. seirbhísí beartseachadta príobháideacha intíre agus idirnáisiúnta (C2X) agus seirbhísí beartseachadta gnó intíre agus idirnáisiúnta (B2X)). De réir an iarratasóra, i gcás seirbhísí beartseachadta intíre san Eastóin, úsáideann gach cuideachta an bonneagar céanna chun beartáin a phróiseáil agus chun seirbhísí a sholáthar do thomhaltóirí (C2X) agus seirbhísí a sholáthar do ghnólachtaí (B2X); sórtáiltear beartáin go lárnach, agus roinneann siad an líonra seirbhíse líne céanna le haghaidh iompair, rud a thugann le fios nach bhfuil aon difríocht mhór sa bhonneagar idir C2X agus B2X ó thaobh láimhseáil seachadta de ([28]). Tá breithnithe comhchosúla déanta ag an iarratasóir maidir le seirbhísí idirnáisiúnta lena soiléirítear, go ginearálta, go mbaineann formhór na mbeartán idirnáisiúnta leis an ríomhthráchtáil agus, dá bhrí sin, gur cuid de dheighleog B2X iad ([29]). Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid, chun críocha an Chinnidh seo, go mbaineann seirbhísí C2X agus B2X leis an margadh céanna le haghaidh seirbhísí beartseachadta intíre agus idirnáisiúnta araon.

([20]) Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1228 agus 2020/737, a luaitear thuas.
([21]) I gcás eile, mheas an Coimisiún gur chuir tosca éagsúla scóip nach beag ar fáil maidir le hionadú ar thaobh an tsoláthair agus, dá bhrí sin, tháinig sé ar an gconclúid nach raibh sé riachtanach idirdhealú a dhéanamh idir mearsheirbhísí agus seirbhísí caighdeánacha. Féach, i ndáil leis sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3224 ón gCoimisiún, a luaitear thuas.
([22]) Iarraidh, pointe 54.
([23]) Faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 7 Bealtaine 2025.
([24]) Iarraidh, pointí 65 agus 188.
([25]) Faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 7 Bealtaine 2025.
([26]) Iarraidh, pointí 47 go 54.
([27]) Ríomhphost an iarratasóra an 11 Aibreán 2025.
([28]) Iarraidh, pointe 190 agus faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 7 Bealtaine 2025.
([29]) Iarraidh, pointe 102. Féach freisin pointí 185 go 208 den iarraidh, maidir le seirbhísí beartán intíre, agus pointí 97 go 112, maidir le seirbhísí beartán idirnáisiúnta, i gcás ina soláthraíonn an t-iarratasóir meastacháin ar a sciar féin den mhargadh agus ar a phríomhiomaitheoirí.

(24) Maidir leis an idirdhealú a d'fhéadfadh a bheith ann idir seachadadh oll-litreacha ina bhfuil ábhar míre suas le 2 kg a thagann faoi raon feidhme na seirbhísí poist uilíocha arna soláthar ag Eesti Post agus seirbhísí caighdeánacha beartseachadta idirnáisiúnta, bunaithe ar fhaisnéis ón iarratasóir, úsáidtear thart ar [95-100] % d'oll-litreacha chun earraí a cheannaítear ar líne a sheachadadh ([30]). Is iad díolacháin idirnáisiúnta ó shiopaí móra (atá lonnaithe sa tSín den chuid is mó) is mó a spreagann na méideanna, agus tá na méideanna sa mhargadh intíre imeallach (níos lú ná [0-5] %) ([31]). De réir an iarratasóra, ([32]) cé go n-aicmítear na táirgí sin mar oll-litreacha mar gheall ar úsáid líonra an Aontais Phoist Uilechoitinn, ba cheart iad a mheas mar bheartáin *de facto* agus mar rogha mhalartach ar 'bheartáin an-bheag' arna soláthar ag oibreoirí amhail SmartPosti agus DPD. ([33]) Tá an dá sheirbhís comhchosúil ó thaobh méide agus feidhmiúlachta de agus, den chuid is mó, bíonn na leibhéil praghsanna inchomparáide ([34]).

(25) Ó thaobh an chustaiméara de, go háirithe i gcás míreanna beaga ríomhthráchtála, soláthraítear le holl-litreacha rianaithe eispéireas seachadta atá coibhéiseach den chuid is mó le heispéireas seachadta beartán beag ([35]). Áirítear leis sin luas seachadta comhchosúil, fógraí do chustaiméirí, agus cumais rianaithe. Ina theannta sin, fiú má rialaítear praghsanna oll-litreacha mar chuid den oibleagáid seirbhíse uiliche, ní bhainfeadh sé sin brú iomaíoch ó bheartáin an-bheag, mar a léirítear leis an laghdú céimnitheach ar sciar Eesti Post de na seirbhísí sin (féach Roinn 3.2.1.4). Thairis sin, is minic a láimhseáiltear oll-litreacha trí ardlíonraí lóistíochta anois amhail PRIME Tracked agus IPC INTERCONNECT ([36]) a thairgeann rianú, a leagann síos caighdeáin seachadta agus seirbhís iontaofa - cosúil leis an méid a bhfuil coinne leis ó ghnáthlíonraí beartán. Mar thoradh air sin, ó thaobh an tomhaltóra de, feidhmíonn oll-litreacha mar rogha inchomparáide anois le haghaidh seachadtaí ríomhthráchtála ([37]).

(26) Mar sin féin, thabharfadh na heilimintí thuas le fios go n-áireofaí oll-litreacha ina bhfuil ábhar míre suas le 2 kg sa chatagóir chéanna le beartáin an-bheag seachas iad a áireamh i gcatagóir fhoriomlán na seirbhísí caighdeánacha beartseachadta idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, chun críocha an Chinnidh seo, tagann an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil oll-litreacha agus beartáin an-bheag mar chuid den mhargadh céanna. Ní gá cinneadh a dhéanamh an mbaineann seachadadh oll-litreacha agus beartán an-bheag leis an margadh céanna le seachadadh caighdeánach idirnáisiúnta beartán eile nó an mbaineann sé le margadh ar leithligh, ós rud é nach bhfuil aon athrú ar thoradh na hanailíse faoi cheachtar de na sainithe margaidh táirge (féach ranna 3.2.1.3 agus 3.2.1.4) ([38]).

3.2.1.1.2. Sainiú margaidh gheografaigh

(27) De réir an iarratasóra, ba cheart an margadh geografach ábhartha i gcás seirbhísí mearbheartseachadta intíre agus idirnáisiúnta araon a shainiú mar mhargadh náisiúnta, lena gcuimsítear críoch na hEastóine ([39]).

(28) Sna cinntí a rinne an Coimisiún roimhe seo, ([40]) bhí sé den tuairim gur margaí náisiúnta ó thaobh raon feidhme de iad na margaí le haghaidh seirbhísí beartseachadta intíre agus seirbhísí beartseachadta idirnáisiúnta, agus aon deighleog díobh, gan beann ar an difríocht idir seirbhísí beartseachadta intíre agus seirbhísí beartseachadta idirnáisiúnta. Tá seasamh an iarratasóra i gcomhréir le cleachtas an Choimisiúin.

(29) In éagmais aon chosúlacht go bhfuil raon feidhme éagsúil ag an margadh geografach, chun críocha an Chinnidh seo agus gan dochar do dhlí iomaíochta an Aontais, is féidir a mheas go gcumhdaítear críoch na hEastóine le raon feidhme geografach na margaí le haghaidh seirbhísí beartseachadta intíre agus seirbhísí beartseachadta idirnáisiúnta.

([30]) Iarraidh, pointe 37.
([31]) Ríomhphost an iarratasóra an 29 Lúnasa 2025.
([32]) Ríomhphoist an iarratasóra an 29 Lúnasa agus an 5 Meán Fómhair 2025.
([33]) Ní sholáthraíonn na hoibreoirí sin oll-litreacha. Iarraidh, pointe 83, táblaí 1 agus 2 agus pointe 84, ina soiléiríonn an t-iarratasóir an méid seo a leanas: '[…]'.
([34]) Iarraidh, pointe 42.
([35]) Faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 18 agus an 27 Meitheamh 2025 agus an 29 Lúnasa agus an 5 Meán Fómhair 2025.
([36]) Faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 18 Meitheamh 2025.
([37]) Faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 27 Meitheamh 2025.
([38]) Faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 29 Lúnasa agus an 5 Meán Fómhair 2025.
([39]) Iarraidh, pointí 61 agus 65.
([40]) Mar shampla, féach Cinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3224 agus (AE) 2019/1204 ón gCoimisiún, a luaitear thuas. Féach freisin Cás COMP/M.5152 — Posten AB/Post Danmark A/S, an 21.4.2009, míreanna 66 agus 74.

3.2.1.2. Seirbhísí beartseachadta intíre (seirbhísí caighdeánacha agus seirbhísí mearbheartseachadta) – anailís mhargaidh

(30) Ó bhí 2023 ann, tá 21 sholáthraí seirbhísí gníomhacha sa mhargadh le haghaidh seirbhísí beartseachadta intíre, ([41]) lena n-áirítear fochuideachtaí d'oibreoirí poist náisiúnta, amhail DPD agus SmartPosti.

(31) Ar bhonn na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach, ba é [20-25] % an sciar den mhargadh a bhí ag Eesti Post in 2022, [20-25] % in 2023 agus [15-20] % in 2024, i dtéarmaí luacha, sa deighleog mhargaidh sin ([42]).

(32) Is iad seo a leanas sciartha margaidh phríomhiomaitheoirí Eesti Post i dtéarmaí luacha le haghaidh na tréimhse idir 2022 agus 2024: le haghaidh na bliana 2022, DPD [15-20] %, SmartPosti [10-15] %, Venipak [10-15] %, Jet Express [5-10] %. Le haghaidh na bliana 2023, is iad seo a leanas na sciartha den mhargadh: DPD [15-20] %, SmartPosti [15-20] %, Venipak [10-15] %, Jet Express [5-10] %. Le haghaidh na bliana 2024, is iad seo a leanas na sciartha den mhargadh a bhí ag príomhiomaitheoirí Eesti Post: DPD [15-20] %, SmartPosti [10-15] %, Venipak [10-15] %, Jet Express [5-10] % ([43]).

(33) Ar bhonn na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach, ba é [20-25] % an sciar den mhargadh a bhí ag Eesti Post in 2022, [20-25] % in 2023 agus [20-25] % in 2024, i dtéarmaí méide ([44]).

(34) Is iad seo a leanas sciartha margaidh phríomhiomaitheoirí Eesti Post, i dtéarmaí méide, le haghaidh na tréimhse idir 2022 agus 2024: le haghaidh na bliana 2022, DPD [15-20] %, SmartPosti [10-15] %, Venipak [10-15] %, Jet Express [5-10] %. Le haghaidh na bliana 2023, is iad seo a leanas na sciartha den mhargadh: DPD [15-20] %, SmartPosti [10-15] %, Venipak [5-10] %, Jet Express [5-10] %. Le haghaidh na bliana 2024, is iad seo a leanas na sciartha den mhargadh a bhí ag príomhiomaitheoirí Eesti Post: DPD [15-20] %, SmartPosti [10-15] %, Venipak [5-10] %, Jet Express [0-5] % ([45]).

(35) Tháinig laghdú beag ar an sciar den mhargadh atá ag Eesti Post le 3 bliana anuas, murab ionann agus na sciartha den mhargadh atá ag a phríomhiomaitheoirí, ar sciartha iad sin a bhíonn ag méadú beagán go minic. Mar thoradh air sin, tá an bhearna idir Eesti Post agus a phríomhiomaitheoirí ag laghdú thar na blianta. Deimhnítear leis an athrú sin freisin go bhfuil Eesti Post faoi bhrú iomaíoch níos mó ná riamh. Ina theannta sin, ós rud é go bhforchoimeádtar 26 % den mhargadh iomlán i dtéarmaí luacha agus méide araon d'oibreoirí poist níos lú, deimhnítear a thuilleadh go bhfuil an ghníomhaíocht neamhchosanta ar iomaíocht.

(36) Ar bhonn na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach, murab ionann agus na seirbhísí poist traidisiúnta, a bhfuil ceadúnas ag teastáil ina leith, níl gá le ceadúnas chun seirbhísí beartseachadta intíre a sholáthar ([46]).. Cé go gceanglaítear ar chuideachtaí fógra a thabhairt d'Údarás Iomaíochta na hEastóine maidir le tús a ngníomhaíochtaí gnó, áitíonn an t-iarratasóir go bhfuil an próiseas fógartha sách simplí agus nach gcruthaíonn sé aon bhacainn le haghaidh oibreoirí ar mian leo dul isteach sa mhargadh ([47]).. Mar shampla, léirítear le clárú iontrálaí a tháinig isteach sa mhargadh le déanaí san Eastóin, an t-oibreoir poist Unisend Eesti OÜ, in 2023, gur próiseas sách rianúil é iontráil sa mhargadh ([48]).

([41]) Iarraidh, pointe 181.
([42]) Iarraidh, pointe 200, tábla 9, chomh maith le faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 13 Bealtaine 2025.
([43]) Iarraidh, pointe 200, tábla 9, chomh maith le faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 13 Bealtaine 2025.
([44]) Iarraidh, pointe 200, tábla 10, chomh maith le faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 13 Bealtaine 2025.
([45]) *Ibid.*
([46]) Iarraidh, pointe 27.
([47]) Iarraidh, pointe 25.
([48]) Iarraidh, pointe 182 agus faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 30 Aibreán 2025.

(37) Ar bhonn na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach, is féidir na costais iomlána a bhaineann le hiontráil sa mhargadh a mheas ag idir EUR 1 go 1,5 milliún ([49]). De réir an iarratasóra, le méid geografach measartha beag agus bonneagar dea-fhorbartha na hEastóine, bheadh sé níos éasca d'iomaitheoirí nua líonra iomaíoch a fhorbairt laistigh de thréimhse ama réasúnta a mheastar a bheith idir 3 mhí agus 6 mhí ([50]). De réir an iarratasóra, is féidir le hiomaitheoirí nua 'cur chuige céimnithe' a ghlacadh maidir le hiontráil sa mhargadh trí dhíriú ar dtús ar réigiúin uirbeacha ard-dlúis (e.g. Taillinn, Tartu), rud a fhágann gur féidir leo na costais a bhaineann le freastal ar cheantair thuaithe sna luathchéimeanna de dhul i bhfód ar an margadh a sheachaint agus ansin is féidir leo a gcumhdach a leathnú de réir mar a fhásann an gnólacht ([51]).

(38) D'áitigh an t-iarratasóir gur measadh gur toisc a mhéadódh iomaíocht a thuilleadh sa mhargadh sin é iontráil Unisend Eesti OÜ sa mhargadh in 2023. Go sonrach, ar bhonn na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach, ó mhí Aibreáin 2025, bhí 173 mheaisín beartán á n-oibriú ag Unisend Eesti OÜ ar fud na hEastóine, ([52]) rud a dheimhníonn treocht mhéadaithe ghinearálta.

(39) I bhfianaise na dtosca a dtugtar tuairisc orthu thuas, chun críocha an Chinnidh seo agus gan dochar do dhlí na hiomaíochta, cinneann an Coimisiún go bhfuil an ghníomhaíocht a bhaineann le soláthar seirbhísí caighdeánacha beartseachadta intíre agus seirbhísí mearbheartseachadta intíre san Eastóin neamhchosanta go díreach ar iomaíocht. Dá bhrí sin, ós rud é go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, is féidir teacht ar an gconclúid nach bhfuil feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí chun an ghníomhaíocht a bhaineann le seirbhísí beartseachadta intíre a shaothrú.

3.2.1.3. Seirbhísí caighdeánacha beartseachadta idirnáisiúnta – anailís mhargaidh

(40) Ar bhonn na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach, tá naoi soláthraí seirbhísí atá gníomhach sa mhargadh sin, lena n-áirítear fochuideachtaí d'oibreoirí poist náisiúnta amhail DPD agus SmartPosti, agus tá sciar den mhargadh os cionn 10 % ag cúig cinn díobh ar a laghad ([53]). Ar an gcaoi chéanna maidir leis an margadh intíre, níl aon bhacainn dhlíthiúil ná rialála ar iontráil ann mar a léiríonn clárú an oibreora poist Unisend Eesti OÜ in 2023 ([54]) agus níl gá le ceadúnas chun seirbhísí caighdeánacha beartseachadta idirnáisiúnta a sholáthar ([55]).

(41) Ar bhonn na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach, má shainítear an margadh le haghaidh seirbhísí caighdeánacha beartseachadta idirnáisiúnta mar mhargadh gan oll-litreacha agus beartáin an-bheag a áireamh, ba é [10-15] % in 2022, [20-25] % in 2023 agus [15-20] % in 2024 an sciar den mhargadh a bhí ag Eesti Post, i dtéarmaí luacha ([56]).

(42) Is iad seo a leanas sciartha margaidh phríomhiomaitheoirí Eesti Post, i dtéarmaí luacha, le haghaidh na tréimhse idir 2022 agus 2024: le haghaidh na bliana 2022, DHL [20-25] %, TNT/Fedex [20-25] %, DPD [15-20] %, SmartPosti [10-15] %, EKLT/UPS [5-10] %, Venipak [0-5] %. Le haghaidh na bliana 2023, is iad seo a leanas na sciartha den mhargadh: TNT/Fedex [20-25] %, DHL [15-20] %, DPD [10-15] %. SmartPosti [10-15] %, EKLT/UPS [5-10] %, Venipak [5-10] %. Le haghaidh na bliana 2024, is iad seo a leanas na sciartha den mhargadh a bhí ag príomhiomaitheoirí Eesti Post: TNT/Fedex [20-25] %, DHL [15-20] %, DPD [15-20] %, SmartPosti [10-15] %, Venipak [5-10] %, EKLT/UPS [5-10] % ([57]).

(43) De réir na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach, ba é [10-15] % an sciar den mhargadh a bhí ag Eesti Post sa mhargadh sin in 2022, [25-30] % in 2023 agus [25-30] % in 2024, i dtéarmaí méide ([58]).

([49]) Féach an fhaisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 13 Bealtaine 2025.
([50]) Iarraidh, pointe 223 agus faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 13 Bealtaine 2025.
([51]) Féach an fhaisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 13 Bealtaine 2025.
([52]) Iarraidh, pointe 183 agus faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 7 Bealtaine 2025.
([53]) Iarraidh, pointe 91.
([54]) Iarraidh, pointe 182 agus faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 30 Aibreán 2025.
([55]) Iarraidh, pointí 145 agus 27.
([56]) Faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 18 Meitheamh 2025.
([57]) *Ibid.*
([58]) *Ibid.*

(44) Is iad seo a leanas sciartha margaidh phríomhiomaitheoirí Eesti Post i dtéarmaí luacha le haghaidh na tréimhse idir 2022 agus 2024: le haghaidh na bliana 2022, DHL [15-20] %, TNT/Fedex [20-25] %, DPD [15-20] %, SmartPosti [15-20] %, EKLT/UPS [5-10] %, Venipak [0-5] %. Le haghaidh na bliana 2023, is iad seo a leanas na sciartha den mhargadh: TNT/Fedex [15-20] %, DHL [15-20] %, SmartPosti [15-20] %, DPD [10-15] %, EKLT/UPS [5-10] %, Venipak [5-10] %. Le haghaidh na bliana 2024, is iad seo a leanas na sciartha den mhargadh a bhí ag príomhiomaitheoirí Eesti Post: TNT/Fedex [15-20] %, DHL [15-20] %, SmartPosti [10-15] %, DPD [10-15] %, Venipak [5-10] %, EKLT/UPS [5-10] % ([59]).

(45) Ní athraítear an anailís sin má áirítear oll-litreacha agus beartáin an-bheag sa mhargadh sin. Is iad seo a leanas scaireanna Eesti Post den mhargadh le haghaidh seirbhísí caighdeánacha beartseachadta idirnáisiúnta, i gcás ina sainmhínítear na seirbhísí sin mar sheirbhísí lena n-áirítear oll-litreacha agus beartáin an-bheag: le haghaidh na bliana 2021, [35-40] % i dtéarmaí méide agus [20-25] % i dtéarmaí luacha; le haghaidh na bliana 2022, [25-30] % i dtéarmaí méide agus [15-20] % i dtéarmaí luacha; le haghaidh na bliana 2023, [30-35] % i dtéarmaí méide agus [20-25] % i dtéarmaí luacha ([60]). I gcomparáid leis sin, bhí na sciartha den mhargadh a bhí ag an dá iomaitheoir is gaire de Eesti Post (ar an meán) ag thart ar [10-15] % i dtéarmaí méide agus [15-20] % i dtéarmaí luacha i gcás DPD, agus [10-15] % i dtéarmaí méide agus [10-15] % i dtéarmaí luacha, i gcás SmartPosti ([61]). Is iad na hiomaitheoirí láidre eile sa mhargadh céanna oibreoirí príobháideacha amhail TNT/Fedex, a raibh sciar den mhargadh acu (ar an meán) [15-20] % i dtéarmaí méide agus [15-20] % i dtéarmaí luacha nó DHL, a raibh thart ar [15-20] % i dtéarmaí méide agus [15-20] % i dtéarmaí luacha acu le linn na tréimhse céanna ([62]).

(46) Léiríonn na sonraí sin go bhfuil soláthar seirbhísí caighdeánacha idirnáisiúnta beartseachadta iomaíoch go leor san Eastóin.

(47) I bhfianaise na dtosca a dtugtar tuairisc orthu sa Roinn seo, chun críocha an Chinnidh seo agus gan dochar do dhlí na hiomaíochta, cinneann an Coimisiún go bhfuil an ghníomhaíocht a bhaineann le soláthar seirbhísí caighdeánacha beartseachadta idirnáisiúnta (isteach, amach) san Eastóin neamhchosanta go díreach ar iomaíocht. Dá bhrí sin, ós rud é go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, is féidir teacht ar an gconclúid nach bhfuil feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí chun an ghníomhaíocht a shaothrú a bhaineann le seirbhísí caighdeánacha beartseachadta idirnáisiúnta (isteach, amach).

3.2.1.4. Oll-litreacha agus beartáin an-bheag – anailís mhargaidh

(48) Déantar anailís sa roinn seo ar sciartha na n-oibreoirí margaidh ábhartha den mhargadh, arna meas ag an iarratasóir, ([63]) i gcás ina sainmhínítear oll-litreacha agus beartáin an-bheag mar mhargadh ar leithligh, atá éagsúil ó sheirbhísí caighdeánacha idirnáisiúnta beartseachadta.

(49) D'áitigh an t-iarratasóir gur tháinig laghdú mór ar na sciartha den mhargadh le haghaidh oll-litreacha in Eesti Post. Mar shampla, in 2021 láimhseáil Eesti Post thart ar 4,5 milliún oll-litir ([20-25] % i dtéarmaí méide agus [10-15] % i dtéarmaí luacha), agus thit an líon sin go 1,6 milliún oll-litir in 2023 ([5-10] % i dtéarmaí méide, níos lú ná [0-5] % i dtéarmaí luacha ag EUR [1-5] mhilliún) agus go 1,3 milliún oll-litir in 2024, is é sin laghdú thart ar 71 % ([64]). De réir an iarratasóra, is athruithe ar roghanna tomhaltóirí is cúis le laghdú Eesti Post den chuid is mó. Go háirithe, molann an t-iarratasóir go bhfuil tomhaltóirí i bhfabhar beartán beag níos mó agus níos mó, ar beartáin iad is féidir a sheoladh agus a fháil trí mheaisíní beartán atá níos inrochtana, a bhíonn ar fáil go minic de lá is d'oíche, agus a thairgeann roghanna bailithe níos solúbtha ná modhanna seachadta traidisiúnta ([65]).

([59]) *Ibid.*
([60]) Iarraidh, táblaí 3 agus 4.
([61]) Iarraidh, táblaí 3 agus 4.
([62]) *Ibid.*
([63]) Féach an soiléiriú i ríomhphost an iarratasóra an 29 Lúnasa 2025: '[…]'.
([64]) Faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 27 Meitheamh agus an 29 Lúnasa 2025.
([65]) *Ibid.*

(50) A mhéid a bhaineann le beartáin an-bheag, bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil, tháinig laghdú beag ar Eesti Post freisin ó thart ar 5,7 milliún ([30-35] % i dtéarmaí méide agus [10-15] % i dtéarmaí luacha) in 2021 go thart ar 5,3 milliún ([25-30] % i dtéarmaí méide agus [5-10] % i dtéarmaí luacha) in 2023 ([66]). I gcomparáid leis sin, d'fhan an sciar den mhargadh atá ag an dá sholáthraí eile de bheartáin an-bheag san Eastóin (i.e. SmartPosti/Itella agus DPD) cobhsaí, ar an meán, ag [10-15] % i dtéarmaí méide agus [5-10] % i dtéarmaí luacha i gcás SmartPosti/Itella agus ag [10-15] % i dtéarmaí méide agus [5-10] % i dtéarmaí luacha i gcás DPD le linn na tréimhse céanna ([67]).

(51) Léiríonn na sonraí a léirítear in aithrisí 49 agus 50 gur chaill Eesti Post sciar den mhargadh le linn na tréimhse 2021-2023 i gcomparáid le hoibreoirí eile a fhanann ina n-iomaitheoirí láidre. Ina theannta sin, mar a thuairiscítear thuas in aithris 38, meastar go gcuirfidh teacht isteach oibreora nua (Unisend Eesti OÜ) tuilleadh dinimicis sa mhargadh sin.

(52) I bhfianaise na dtosca a dtugtar tuairisc orthu sa Roinn sin, chun críocha an Chinnidh seo agus gan dochar do dhlí na hiomaíochta, cinneann an Coimisiún go bhfuil an ghníomhaíocht a bhaineann le soláthar oll-litreacha agus beartán an-bheag san Eastóin neamhchosanta go díreach ar iomaíocht. Dá bhrí sin, ós rud é go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, is féidir teacht ar an gconclúid nach bhfuil feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí lena mbeartaítear a fhágáil gur féidir an ghníomhaíocht thuasluaite a shaothrú.

3.2.2. *Seirbhísí eile seachas seirbhísí poist*

(53) Maidir le seirbhísí priontála agus seirbhísí pacáistithe, tairgtear iad mar phacáiste seirbhísí ollseachadta, ar cleachtas coiteann é i ndáil le holl-chomhfhreagras. Áirítear sa phacáiste, i measc nithe eile, doiciméid a fháil, priontáil, imchlúdú agus duilliú, pacáistiú. Chun costéifeachtúlacht a mhéadú, is minic a dhéanann cuideachtaí próisis inmheánacha den sórt sin a sheachfhoinsiú chuig tríú páirtithe.

(54) Ar bhonn na faisnéise a chuir an t-iarratasóir ar fáil ([68]) agus aird á tabhairt ar chinntí a rinne an Coimisiún roimhe seo, ([69]) sainmhínítear an margadh táirgí ábhartha mar sheirbhísí a bhaineann le míreanna poist a phriontáil agus a phacáistiú. Tá seasamh an iarratasóra i gcomhréir le cleachtas an Choimisiúin ([70]).

(55) De réir cinntí ón gCoimisiún roimhe seo, is margadh náisiúnta i bprionsabal é an margadh le haghaidh seirbhísí priontála agus pacáistithe. Ar an gcéad dul síos, eagraítear an tsaoráid phriontála go náisiúnta, cé go bhféadfadh sé gur féidir roinnt priontála a dhéanamh lasmuigh den chríoch náisiúnta. Ar an dara dul síos, tá difríochtaí sa phraghsáil ar fud na mBallstát éagsúil. Ar an tríú dul síos, déantar formhór na seirbhísí sin le haghaidh seoltóirí náisiúnta ionchasacha nó seoltóirí náisiúnta iarbhír d'fhonn a bpróisis inmheánacha a bharrfheabhsú agus a gcostais a laghdú ([71]). Tá an sainmhíniú atá beartaithe ag an iarratasóir ar sheirbhísí seachas seirbhísí poist i gcomhréir le cleachtas an Choimisiúin ([72]). Ós rud é nach bhfuil aon chúis ann glacadh leis go bhfuil raon feidhme geografach difriúil ag an margadh, chun críocha an Chinnidh seo, is margadh náisiúnta é an margadh geografach le haghaidh seirbhísí priontála agus pacáistithe.

([66]) Ríomhphoist an iarratasóra an 29 Lúnasa agus an 5 Meán Fómhair 2025.
([67]) Ríomhphoist an iarratasóra an 29 Lúnasa agus an 5 Meán Fómhair 2025. Mar a dúradh thuas i bhfonóta 33, ní sholáthraíonn na hoibreoirí sin oll-litreacha.
([68]) Iarraidh, pointe 55.
([69]) Mar shampla, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1195 ón gCoimisiún an 4 Iúil 2016 lena ndíolmhaítear seirbhísí cúiréireachta agus seirbhísí nach seirbhísí poist iad sa Pholainn ó chur i bhfeidhm Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 197, 22.7.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2016/1195/oj).
([70]) Iarraidh, pointe 56.
([71]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1195.
([72]) Iarraidh, pointe 67.

3.2.2.1. Seirbhísí priontála agus pacáistithe – anailís mhargaidh

(56) Is é Eesti Post an t-aon soláthraí seirbhísí atá faoi réir na rialacha soláthair phoiblí sa mhargadh le haghaidh seirbhísí priontála agus pacáistithe san Eastóin agus bhí sciar [25-30] % den mhargadh aige in 2022, [30-35] % in 2023 agus [30-35] % in 2024, i dtéarmaí luacha agus méid araon ([73]). Ar bhonn na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach, mar chuid dá phlean straitéiseach fadtéarmach, tá sé beartaithe ag Eesti Post deireadh a chur de réir a chéile leis an tseirbhís priontála agus pacáistithe sin faoi mhí Lúnasa 2026. Mar gheall ar an dúnadh beartaithe sin, ní dhéanann Eesti Post foráil maidir le haon infheistíocht mhór sa mhargadh sin ([74]).

(57) Is iad seo a leanas na sciartha den mhargadh atá ag príomhiomaitheoirí Eesti Post: Bhí sciar [55-60] % den mhargadh ag Unified Post AS in 2022, [50-55] % in 2023 agus [50-55] % in 2024, i dtéarmaí luacha agus méide araon ([75]); Bhí sciar [10-15] % den mhargadh ag Joon OÜ in 2022, [5-10] % in 2023 agus [10-15] % in 2024, i dtéarmaí luacha agus méid araon ([76]). Thairis sin, ní mór a thabhairt faoi deara nach gcuireann na hiomaitheoirí sin, murab ionann agus Eesti Post, na rialacha soláthair phoiblí i bhfeidhm, rud a thabharfadh buntáiste iomaíoch breise dóibh thar Eesti Post.

(58) Ar bhonn na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach, níl an ghníomhaíocht sa mhargadh ábhartha le haghaidh seirbhísí priontála agus pacáistithe faoi réir aon cheanglas rialála lena dteorannaítear iontráil sa mhargadh ([77]). Ina theannta sin, in 2022, bhí 381 chuideachta ag feidhmiú sa deighleog ghnó a aicmítear mar 'phriontáil agus atáirgeadh meán taifeadta'. De réir an iarratasóra, cé go bhfuil an deighleog sin níos leithne ná an margadh le haghaidh seirbhísí priontála agus pacáistithe, léirítear leis an líon mór cuideachtaí gníomhacha sa deighleog ghnó níos leithne sin go bhfuil an earnáil sách iomaíoch agus inrochtana go ginearálta ([78]). Mar a leagtar amach san iarraidh, is féidir a mheas go bhfuil na costais iontrála idir EUR 150 agus 180 míle, ar leor é, de réir an iarratasóra, chun sciar 10 % ar a laghad den mhargadh a ghiniúint ([79]).

(59) I bhfianaise na dtosca a dtugtar tuairisc orthu sa Roinn sin, chun críocha an Chinnidh sin agus gan dochar do dhlí na hiomaíochta, cinneann an Coimisiún go bhfuil an ghníomhaíocht a bhaineann le soláthar seirbhísí priontála agus pacáistithe san Eastóin neamhchosanta go díreach ar iomaíocht. Dá bhrí sin, ós rud é go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE, is féidir teacht ar an gconclúid nach bhfuil feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí lena mbeartaítear a fhágáil gur féidir gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí priontála agus pacáistithe a shaothrú.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ní bheidh feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le dámhachtain conarthaí ag eintitis chonarthacha ar conarthaí iad lena mbeartaítear a fhágáil gur féidir na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh san Eastóin:

— seirbhísí beartseachadta intíre (seirbhísí caighdeánacha agus seirbhísí mearbheartseachadta),

— seirbhísí caighdeánacha beartseachadta idirnáisiúnta,

— oll-litreacha agus seirbhísí beartán an-bheag,

— seirbhísí priontála agus pacáistithe.

([73]) Iarraidh, soláthraítear sonraí i dtábla 23 maidir leis na sciartha den mhargadh atá ag Eesti Post agus ag a iomaitheoirí sa mhargadh le haghaidh seirbhísí priontála agus pacáistithe.

([74]) Féach an fhaisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 25 Aibreán 2025.

([75]) Iarraidh, soláthraítear sonraí i dtábla 23 maidir leis na sciartha den mhargadh atá ag Eesti Post agus ag a iomaitheoirí sa mhargadh le haghaidh seirbhísí priontála agus pacáistithe.

([76]) Tá sciartha margaidh Eesti Post agus a iomaitheoirí bunaithe ar mheastacháin Eesti Post. An tráth céanna, luann Eesti Post go bhfuil a sciar den mhargadh i dtéarmaí méide ailínithe go dlúth lena sciar den mhargadh i dtéarmaí luacha (arna ríomh bunaithe ar shonraí inmheánacha Eesti Post). Mar gheall ar an easpa sonraí margaidh níos sonraí a bhaineann le méideanna, glacann an t-iarratasóir leis go bhfuil staid chomhchosúil ann d'iomaitheoirí Eesti Post.

([77]) Iarraidh, pointe 288.

([78]) Féach an fhaisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 25 Aibreán 2025.

([79]) Iarraidh, pointe 287.

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na hEastóine a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Stéphane SÉJOURNÉ
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin